RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/497 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Márta 2022

lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe, deimhnithe sláinte ainmhithe/deimhnithe oifigiúla agus dearbhuithe caighdeánacha áirithe maidir le gluaiseachtaí idir na Ballstáit agus teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí speiceas áirithe agus catagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 146(2), Airteagal 156(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus Airteagal 162(5), Airteagal 238(3) agus Airteagal 239(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéantar lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([2]) agus go háirithe Airteagal 90, an chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), agus Airteagal 126(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard a bhunaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ([3]) ón gCoimisiún deimhnithe caighdeánacha, i bhfoirm deimhnithe sláinte ainmhithe, deimhnithe agus dearbhuithe sláinte ainmhithe/oifigiúla maidir le gluaiseachtaí idir na Ballstáit agus teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus táirgí geirmeacha díobh. Leis na coinsíneachtaí sin áirítear iad siúd a thagann faoi raon feidhme Rialacháin Tharmligthe (AE) 2020/686 ([4]), (AE) 2020/688 ([5]), agus (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([6]).

(2) Foráiltear le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 go mbeidh na deimhnithe sláinte ainmhithe atá le húsáid le haghaidh gluaiseachtaí catagóirí áirithe crúbach idir na Ballstáit ag freagairt do cheann de na samhlacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis, agus dá dtagraítear san Airteagal sin, ag brath ar na speicis lena mbaineann. I gCaibidlí 7 agus 8 den Iarscríbhinn sin, leagtar amach faoi seach samhail de dheimhnithe

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.
([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1).
([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunaíochtaí táirgí geirmeacha a fhormheas agus maidir le ceanglais inrianaitheachta agus sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí táirgí geirmeacha ó ainmhithe talún áirithe atá ar coimeád laistigh den Aontas (IO L 174, 3.6.2020, lch. 1).
([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún agus uibheacha goir laistigh den Aontas (IO L 174, 3.6.2020, lch. 140).
([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad a thabhairt isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

sláinte ainmhithe le haghaidh gluaiseachtaí eachaí ainmhithe idir na Ballstáit nach bhfuil beartaithe le marú (an tsamhail "EQUI-INTRA-IND"), agus samhail de choinsíneacht ainmhithe eachaí (an tsamhail "EQUI-INTRA-CON"). Chun a shoiléiriú nach bhféadfar an scrúdú cliniciúil a cheanglaítear roimh ghluaiseacht eachaí go Ballstáit eile a dhéanamh ar an lá oibre deireanach roimh imeacht dóibh ach amháin i gcás each-ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 92(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, ba cheart na fonótaí (2) agus (3) de Chuid II de na Nótaí sna samhaltacha sin a cheartú.

(3) Foráiltear le hAirteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 go mbeidh na deimhnithe sláinte ainmhithe agus na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla atá le húsáid le haghaidh gluaiseachtaí catagóirí áirithe éan agus táirgí geirmeacha díobh idir na Ballstáit ag freagairt do cheann de na samhlacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis, agus dá dtagraítear san Airteagal sin, ag brath ar na catagóirí éan agus táirgí lena mbaineann. I gCaibidil 17 agus i gCaibidil 18 den Iarscríbhinn sin faoi seach, samhail de dheimhnithe sláinte ainmhithe/deimhnithe oifigiúla le haghaidh gluaiseachtaí éanlaith chlóis phórúcháin agus éanlaithe táirgiúla idir na Ballstáit (an tsamhail "POU-INTRA-X"), agus le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit a bhfuil níos lú ná 20 cloigeann éanlaithe seachas raitít iontu nó níos lú ná 20 uibheacha goir éanlaithe seachas raitít (an tsamhail "POU-INTRA-LT20"). Ba cheart na tagairtí earráideacha do theacht isteach san Aontas i bpointe II.2.1. agus i bpointe II.2.1.1. de na samhlacha sin faoi seach a cheartú.

(4) Ina theannta sin, i gCaibidil 16 agus i gCaibidil 18 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, dá dtagraítear in Airteagal 7 de, leagtar amach faoi seach an tsamhail sláinte/deimhniú oifigiúil sláinte ainmhithe le haghaidh gluaiseacht idir Ballstáit sicíní lae (an tsamhail "POU-INTRA-DOC"), agus samhail an deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúil le haghaidh gluaiseachta idir na Ballstáit inar lú ná 20 cloigeann éanlaithe clóis seachas raitít nó níos lú ná 20 ubh goir éanlaithe seachas raitít (an tsamhail "POU-INTRA-LT20"). Ba cheart fonóta (4) de na Nótaí a ghabhann le Cuid II de na samhlacha sin a cheartú chun a shoiléiriú nach mór na bearta dá dtagraítear i gCuid III, Teideal 2, Caibidil 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a urramú sa Bhallstát cinn scríbe. Sa bhreis air sin, ba cheart botún follasach maidir le haois na n-éan atá le léiriú i bpointe II.1.4 den tsamhail POU-INTRA-DOC i gCaibidil 16 a cheartú.

(5) Foráiltear le hAirteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 go mbeidh na deimhnithe sláinte ainmhithe atá le húsáid le haghaidh gluaiseachtaí cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó bhó-ainmhithe idir na Ballstáit ag freagairt do cheann de na samhlacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis, agus dá dtagraítear san Airteagal sin, ag brath ar an gcineál táirgí lena mbaineann. I gCaibidil 23 (an tsamhail "BOV-SEM-A-INTRA"), 26 (an tsamhail "BOV-OOCYTES-EMB-A-INTRA"), 30 (an tsamhail "OV/CAP-SEM-A-INTRA"), agus Caibidil 33 (an tsamhail "OV/CAP-OOCYTES-EMB-A-INTRA") den Iarscríbhinn sin, leagtar amach deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí táirgí geirmeacha áirithe idir na Ballstáit. Ba cheart tagairt I.30 de na Nótaí do Chuid I de na samhaltacha sin a leasú chun tuairisc ar na tástálacha ar ionfhabhtú le víreas gormtheanga agus ar ghalar fuilreatha eipeasótach a chur san áireamh.

(6) Ina theannta sin, úsáidfear an tsamhail "BOV-OOCYTES-EMB-A-INTRA", a leagtar amach i gCaibidil 26 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, le haghaidh gluaiseachtaí coinsíneachtaí úicítí agus suthanna bó-ainmhithe idir na Ballstáit a bhailítear nó a tháirgtear, a phróiseáiltear agus a stóráiltear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ag foireann bailithe nó táirgthe suthanna a bhailigh nó a tháirg na húicítí nó na suthanna. Ba cheart na tagairtí earráideacha d'ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair i bpointe II.2.5.1. agus i dtagairt Bosca I.30 de na Nótaí a ghabhann le Cuid I den tsamhail sin a cheartú.

(7) Foráiltear le hAirteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 go mbeidh na deimhnithe sláinte ainmhithe atá le húsáid le haghaidh gluaiseachtaí cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó bhó-ainmhithe idir na Ballstáit ag freagairt do cheann de na samhlacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis, agus dá dtagraítear san Airteagal sin, ag brath ar an gcineál táirgí lena mbaineann. I gCaibidlí 45 agus 49 den Iarscríbhinn sin, leagtar amach deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit de choinsíneachtaí seamhain each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ón lárionad bailithe seamhain ina mbailítear an seamhan (an tsamhail "EQUI-SEM-A-INTRA") agus de choinsíneachtaí úicítí

agus suthanna each-ainmhithe a bhailítear nó a tháirgtear, a próiseáladh agus a stóráladh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ag foireann bailithe nó táirgthe suthanna a bhailigh nó a tháirg na húicítí nó na suthanna (an tsamhail "EQUI-OOCYTES-EMB-A-INTRA"). Ba cheart pointe II.2.5.2. de na samhlacha sin a cheartú chun a shoiléiriú nach mór each-ainmhithe bronntacha seamhain, úicítí agus suthanna a choinneáil i mbunaíochtaí, seachas ar bhunaíocht aonair, ina bhfuil einceifilimiailíteas eachaí Veiniséalach, dourine, surra (*Trypanosoma evansi*), ionfhabhtuithe eachaí ainéime, meitriteas eachaí tógálach (*Taylorella equigenitalis*) agus ionfhabhtú le víreas confaidh agus an t-aintrís nár tuairiscíodh ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain, na n-úicítí agus na suthanna. Ina theannta sin, ba cheart Tagairt bhosca I.30 de na Nótaí a ghabhann le Cuid I den tsamhail "EQUI-SEM-A-INTRA" a leasú chun tuairisc ar na tástálacha a chur san áireamh.

(8) Foráiltear le hAirteagal 13 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 go mbeidh na deimhnithe sláinte ainmhithe agus na dearbhuithe atá le húsáid le haghaidh gluaiseachtaí catagóirí áirithe ainmhithe talún agus táirgí geirmeacha díobh idir na Ballstáit ag freagairt do cheann de na samhlacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis, dá dtagraítear san Airteagal sin, ag brath ar na speicis agus ar na catagóirí táirgí lena mbaineann. I gCaibidil 61 den Iarscríbhinn sin, leagtar amach samhail an deimhnithe sláinte ainmhithe agus an tsamhail dearbhaithe maidir le madraí, cait agus firéid a aistriú ó Bhallstáit go chéile. Tá botúin shoiléire i bPointe II.2.2. den deimhniú samhla sin agus éilítear soiléiriú ina leith. Dá bhrí sin, is gá an tsamhail sin a cheartú dá réir sin.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a leasú agus a cheartú dá réir.

(10) Na deimhnithe sláinte ainmhithe agus na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla atá le húsáid maidir le teacht isteach san Aontas do chatagóirí áirithe crúbach, déantar foráil in Airteagal 14 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 go mbeidh siad ag comhfhreagairt do cheann de na samhaltacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis. I gCaibidil 4 den Iarscríbhinn sin, leagtar amach an tsamhail sláinte ainmhithe/deimhniú oifigiúil le haghaidh ainmhithe de chineál na gcaorach agus de chineál na ngabhar a theacht isteach san Aontas (an tsamhail " OV/CAP-X"). Tá botúin shoiléire i bPointí II.2.2. agus II.2.11.6. d'fhianú sláinte ainmhithe na samhla sin agus teastaíonn soiléiriú ina leith. Dá bhrí sin, is gá an tsamhail sin a cheartú dá réir sin.

(11) Foráiltear le hAirteagal 15 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 go mbeidh na deimhnithe sláinte ainmhithe agus na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla agus na dearbhuithe a ghabhann leis na deimhnithe sin, rudaí atá le húsáid chun teacht isteach san Aontas nó le catagóirí áirithe each-ainmhithe a bheith ar idirthuras san Aontas, ag freagairt do cheann de na samhlacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis, agus dá dtagraítear san Airteagal sin, ag brath ar na gluaiseachtaí atá i gceist. I gCaibidlí 12 go 15 den Iarscríbhinn sin, leagtar amach an deimhniú sláinte ainmhithe/an deimhnithe oifigiúil caighdeánach agus an dearbhú caighdeánach faoi seach maidir le heach-ainmhithe a theacht isteach san Aontas nach bhfuil beartaithe lena marú (an tsamhail "EQUI-X"), an deimhniú sláinte ainmhithe/deimhniú oifigiúil caighdeánach agus an dearbhú caighdeánach maidir le heach-ainmhithe atá beartaithe le marú (an tsamhail "EQUI-Y"), an deimhniú sláinte ainmhithe/deimhniú oifigiúil caighdeánach agus an dearbhú caighdeánach maidir le hidirthuras tríd an Aontas each-ainmhithe nach bhfuil beartaithe lena marú (an tsamhail "EQUI-TRANSIT-X"), agus an deimhniú sláinte ainmhithe/deimhniú oifigiúil caighdeánach agus an dearbhú caighdeánach maidir le hidirthuras tríd an Aontas each-ainmhithe atá beartaithe lena marú (an tsamhail "EQUI-TRANSIT-Y"). I gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, is ag 24 uair an chloig a shocraítear an mhoill a d'fhéadfadh a bheith ann idir an scrúdú cliniciúil agus imeacht na n-ainmhithe eachaí, seachas each-ainmhithe cláraithe, don chatagóir sin ainmhithe. I gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, ní mór an deimhniú a eisiúint laistigh den tréimhse 10 lá roimh dháta theacht an choinsíneachta chuig an bpost rialaithe teorann; i gcás iompair ar muir de, féadfar tréimhse bhreise a chur leis an tréimhse a bheidh ag freagairt d'fhad an turais ar muir. Dá bhrí sin, is gá na deimhnithe caighdeánacha sin a cheartú dá réir sin.

(12) Ina theannta sin, Caibidlí 16, 17 agus 18 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, dá dtagraítear in Airteagal 15 de, leagtar amach iontu faoi seach an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach agus an dearbhú caighdeánach maidir le capaill chláraithe a theacht isteach san Aontas arís le haghaidh rásaíochta, iomaíochta agus imeachtaí cultúrtha tar éis onnmhairiú sealadach ar feadh tréimhse nach faide ná 30 lá (an tsamhail "EQUI-RE-ENTRY-30"), an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach agus an dearbhú caighdeánach maidir le capaill chláraithe a theacht isteach san Aontas arís le haghaidh iomaíochta tar éis onnmhairiú sealadach ar feadh tréimhse nach faide ná 90 lá chun gur féidir leo páirt a ghlacadh in imeachtaí

eachaíochta arna n-eagrú faoi choimirce an *Fédération Equestre Internationale* (FEI) (an tsamhail "EQUI-RE-ENTRY-90-COMP"), agus an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach agus an dearbhú caighdeánach maidir le capaill chláraithe a theacht isteach san Aontas arís le haghaidh iomaíochta tar éis onnmhairiú sealadach ar feadh tréimhse nach faide ná 90 lá chun gur féidir leo páirt a ghlacadh in imeachtaí rásaíochta ar leith san Astráil, i gCeanada, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, i Hong Cong, sa tSeapáin, i Singeapór, in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha nó i gCatar (an tsamhail "EQUI-RE-ENTRY-90-RACE"). I gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, ní mór an deimhniú a eisiúint laistigh den tréimhse 10 lá roimh dháta theacht an choinsíneachta ag an bpost rialaithe teorann; i gcás iompair ar muir, féadfar tréimhse bhreise a chur leis an tréimhse a bheidh ag freagairt d'fhad an turais ar muir. Dá bhrí sin, is gá na samhlacha sin a cheartú dá réir sin.

(13) Maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe a úsáidfear chun crúbaigh a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil i mbunaíocht theoranta a theacht isteach san Aontas, foráiltear le hAirteagal 16 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 go mbeidh na deimhnithe sin ag freagairt do cheann de na samhlacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis, samhlacha dá dtagraítear san Airteagal sin, de réir an speicis lena mbaineann. I gCaibidlí 19 go 22 den Iarscríbhinn sin, leagtar amach deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le hainmhithe a liostaítear i Roinn 1 de Chaibidil 19 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún a theacht isteach san Aontas, ar de thionscnamh bunaíocht theoranta iad agus a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil i mbunaíocht theoranta (an tsamhail "CONFINED-RUM"), ainmhithe a liostaítear i Roinn 1 de Chaibidil 20 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, ar de thionscnamh bunaíocht theoranta iad agus a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil i mbunaíocht theoranta (an tsamhail "CONFIN-SUI"), ainmhithe a liostaítear i Roinn 1 de Chaibidil 21 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, ar de thionscnamh bunaíocht theoranta iad agus a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil i mbunaíocht theoranta (an tsamhail "CONFINED-TRE"), agus ainmhithe den fhine *Hippopotamidae* ar de thionscnamh bunaíocht theoranta iad agus a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil i mbunaíocht theoranta (an tsamhail "CONFINED-HIPPO"). Ba cheart pointe II.1.2. de Chuid II (Faisnéis faoi shláinte) de na samhlacha sin a leasú trí na ceanglais sláinte ainmhithe atá ar iarraidh dá bhforáiltear in Airteagal 34, pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a chur isteach, agus roinnt botúin shoiléire agus easnaimh neamhbheartaithe eile a cheartú.

(14) Maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla a úsáidfear chun catagóirí áirithe éan agus a dtáirgí geirmeacha a theacht isteach san Aontas, foráiltear le hAirteagal 17 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 go mbeidh na deimhnithe sin ag freagairt do cheann de na samhlacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis, samhlacha dá dtagraítear san Airteagal sin, de réir na gcatagóirí éan agus na dtáirgí lena mbaineann. I gcaibidil 34a den Iarscríbhinn sin, leagtar amach deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le colúir rásaíochta a theacht isteach san Aontas ar colúir iad a scaoiltear láithreach tar éis a dteacht isteach (an tsamhail "RACING PIGEONS-IMMEDIATE RELEASE"). Ba cheart pointí II.1.2. agus II.1.6. den tsamhail sin a cheartú chun soiléiriú a dhéanamh ar an gceanglas clárúcháin atá ar na bunaíochtaí tionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 62(2), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus ar na coinníollacha iompair le haghaidh colúir rásaíochta.

(15) Maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe a úsáidfear chun cineálacha áirithe táirgí geirmeacha a theacht isteach san Aontas, foráiltear le hAirteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 go mbeidh na deimhnithe sin ag freagairt do cheann de na samhlacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis, samhlacha dá dtagraítear san Airteagal sin, de réir an chineáil táirgí lena mbaineann. I gCaibidlí 39 (an tsamhail "BOV-SEM-A-ENTRY"), 42 (an tsamhail "BOV-OOCYTES-EMB-A-ENTRY"), 48 ("OV/CAP-SEM-A-ENTRY"), agus 50 (an tsamhail "OV/CAP-OOCYTES-EMB-A-ENTRY") den Iarscríbhinn sin, leagtar amach deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha chun coinsíneachtaí táirgí geirmeacha áirithe a theacht isteach san Aontas. Ba cheart Tagairt bhosca I.27 de na Nótaí a ghabhann le Cuid I de na samhlacha sin a leasú chun tuairisc ar na tástálacha le haghaidh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga agus le haghaidh an ghalair fuilreatha eipeasótaigh a chur san áireamh.

(16) Ina theannta sin, ba cheart an t-uimhriú earráideach i bpointe II.2. den tsamhail "BOV-OOCYTES-EMB-A-ENTRY" a cheartú, samhail a leagtar amach i gCaibidil 42 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403.

(17) Ina theannta sin, tagraítear in Airteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 don deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí táirgí geirmeacha áirithe a theacht isteach san Aontas a seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad stórála táirgí geirmeacha (an tsamhail "BOV-GP-GTORAGE-ENTRY"), samhail a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis. Ba cheart na Nótaí sa samhail sin a cheartú sa chaoi go gcumhdófar ní hamháin seamhan bó-ainmhithe, ach úicítí agus suthanna na n-ainmhithe sin freisin.

(18) Maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe a úsáidfear chun cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair a theacht isteach san Aontas, foráiltear le hAirteagal 21 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 go mbeidh na deimhnithe sin ag freagairt do cheann de na samhlacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis, samhlacha dá dtagraítear san Airteagal sin. I gCaibidil 53 den Iarscríbhinn sin, leagtar amach an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí táirgí geirmeacha áirithe a theacht isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad a seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad stórála táirgí geirmeacha (an tsamhail "OV/CAP-GP-STORAGE-ENTRY"). Ba cheart na Nótaí sa samhail sin a cheartú sa chaoi go gcumhdófar seamhan, úicítí agus suthanna, ní hamháin ó ainmhithe den chineál caorach ach ó ainmhithe den chineál gabhair freisin.

(19) Maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe a úsáidfear chun cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó mhuc-ainmhithe a theacht isteach san Aontas, foráiltear le hAirteagal 22 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 go mbeidh na deimhnithe sin ag freagairt do cheann de na samhlacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis, samhlacha dá dtagraítear san Airteagal sin. I gCaibidil 54 den Iarscríbhinn sin, leagtar amach an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí de sheamhan muc-ainmhithe a theacht isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan (an tsamhail "POR-SEM-A-ENTRY"). Na tagairtí earráideacha do Bhallstát, seachas do thríú tír nó do chríoch, i bpointí II.4.8.3. agus II.4.9.3. den tsamhail sin, ba cheart iad a cheartú.

(20) Maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe a úsáidfear chun cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó each-ainmhithe a theacht isteach san Aontas, foráiltear le hAirteagal 23 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 go mbeidh na deimhnithe sin ag freagairt do cheann de na samhlacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis, samhlacha dá dtagraítear san Airteagal sin. I gCaibidlí 59 agus 63 den Iarscríbhinn sin, leagtar amach deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le coinsíneachtaí a theacht isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de sheamhan each-ainmhithe arna bhailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan (an tsamhail 'EQUI-SEM-A-ENTRY'), agus ar coinsíneachtaí iad d'úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna rinne na húicítí nó na suthanna a bhailiú nó a tháirgeadh (an tsamhail "EQUI-OOCYTES-EMB-A-ENTRY"). Ba cheart pointe II.4.4.2. de na samhlacha sin a cheartú chun a shoiléiriú nach mór each-ainmhithe a bhronnann seamhan, úicítí agus suthanna a choinneáil i mbunaíochtaí, seachas ar bhunaíocht aonair, i nár tuairiscíodh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach, galar cúplála eachaí, surra (*Trypanosoma evansi*), ainéime ionfhabhtaíoch eachaí, meitríteas tógálach eachaí (*Taylorella equigenitalis*), ionfhabhtú le víreas an chonfaidh ná an t-antrasc, agus gur cheart iad a choinneáil ansin le linn tréimhse 30 lá ar a laghad roimh an dáta a bhaileofar an seamhain, na húicítí nó na suthanna den chéad uair, agus le linn tréimhse an bhailithe. Ina theannta sin, ba cheart Tagairt bhosca I.27 de na Nótaí a ghabhann le Cuid I den tsamhail "EQUI-SEM-A-ENTRY" a leasú chun tuairisc ar na tástálacha a chur san áireamh.

(21) Ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a leasú agus a cheartú dá réir.

(22) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a leasú agus a cheartú dá réir.

(23) Chun aon chur isteach ar thrádáil a sheachaint a mhéid a bhaineann le coinsíneachtaí a theacht isteach san Aontas ar coinsíneachtaí iad lena mbaineann na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 leis an Rialachán seo, úsáid deimhnithe sláinte ainmhithe, deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúla agus dearbhuithe a eisítear i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, mar ab infheidhme roimh na leasuithe a dhéantar leis an Rialachán seo, ba cheart leanúint den úsáid sin a údarú ar feadh idirthréimhse faoi réir coinníollacha áirithe.

(24) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a leasú agus a cheartú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ar feadh idirthréimhse go dtí an 15 Nollaig 2022, maidir le coinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha a bhfuil an deimhniú sláinte ainmhithe, an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil nó an dearbhú iomchuí ag gabháil leo, arna n-eisiúint i gcomhréir leis na samhlacha a leagtar amach i gCaibidlí 4, 12 go 22, 34a, 39, 42, 47, 48, 50, 53, 54, 59 agus 63 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, mar ab infheidhme roimh na leasuithe a dhéantar ar an Rialachán Cur Chun Feidhme sin leis an Rialachán seo, leanfaidh na coinsíneachtaí sin d'údarú a bheith acu i dtaca le teacht isteach san Aontas ar choinníoll go n-eiseofaí na deimhnithe agus na dearbhuithe sin an 15 Meán Fómhair 2022 ar a dhéanaí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear agus ceartaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 mar a leanas:

(1) Leasaítear agus ceartaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) i gCaibidil 7, sa tsamhail EQUI-INTRA-IND, sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (2):

"(2) Níl an rogha ar fáil ach amháin i gcás ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) each-ainmhí a bhfuil a dhoiciméad aitheantais saolré aonair dá bhforáiltear in Airteagal 114(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/429 ag gabháil leis, doiciméad ar a bhfuil marc bailíochtaithe bailí dá dtagraítear in Airteagal 92(2), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688; nó

(b) each-ainmhí cláraithe a bhfuil a dhoiciméad aitheantais saolré aonair dá bhforáiltear in Airteagal 114(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/429 ag gabháil leis, lena n-áirítear ceadúnas bailí dá dtagraítear in Airteagal 92(2), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, nó each-ainmhí cláraithe a bhfuil a dhoiciméad aitheantais saolré aonair ag gabháil leis agus an Cárta Aitheantais FEI mar aon leis an ngreamán bailíochtaithe in éineacht leis.";

(b) i gCaibidil 8, sa tsamhail EQUI-INTRA-CON, sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (3):

"(3) Níl an rogha ar fáil ach amháin i gcás ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) each-ainmhithe a bhfuil a ndoiciméad aitheantais saolré aonair dá bhforáiltear in Airteagal 114(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/429 ag gabháil leo, doiciméad ar a bhfuil marc bailíochtaithe bailí dá dtagraítear in Airteagal 92(2), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688; nó

(b) each-ainmhithe cláraithe a bhfuil a ndoiciméad aitheantais saolré aonair dá bhforáiltear in Airteagal 114(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/429 ag gabháil leo, lena n-áirítear ceadúnas bailí dá dtagraítear in Airteagal 92(2), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, nó each-ainmhithe cláraithe a bhfuil a ndoiciméad aitheantais saolré aonair ag gabháil leo agus an Cárta Aitheantais FEI mar aon leis an ngreamán bailíochtaithe in éineacht leis.";

(c) i gCaibidil 16, ceartaítear an tsamhail POU-INTRA-DOC mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.4:

"II.1.4.	na sicíní lae ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:	
	(a) ní léiríonn siad aon chomhartha cliniciúil ná aon chúis le hamhras faoi ghalair liostaithe is ábhartha don speiceas;	
[(2)][(3)]cibé acu	[(b) níor vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;]	
[(2)][(3)]nó	[(b) vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le [vacsaíní díghníomhaithe][(2)] [vacsaíní caolaithe beo a chomhlíonann critéir Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún] [(2)]	
	.....	
	(ainm an phórtha a úsáideadh sa vacsaín)	
	an ..... (dáta) ag aois ..... lá;]";	

(ii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (4):

"(4) Toisc go ngortar na sicíní lae dá dtagraítear sa deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo ó uibheacha a tugadh isteach san Aontas ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios de thríú tír nó de chríoch, ní mór urraim a thabhairt sa Bhallstát cinn scríbe do na ceanglais sláinte ainmhithe shonracha maidir le gluaiseacht agus láimhseáil na n-ainmhithe sin sa bhunaíocht chinn scríbe, mar a leagtar síos in Airteagal 112, Airteagal 113 agus Airteagal 114 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.";

(d) i gCaibidil 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.2.1 den tsamhail POU-INTRA-X:

"(10)[II.2.1. An clár rialaithe *Salmonella* dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus na ceanglais shonracha maidir le húsáid frithmhiocróbach agus vacsaíní a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1177/2006 ón gCoimisiún, cuireadh i bhfeidhm iad maidir leis an ealta thionscnaimh agus rinneadh tástáil ar an ealta le haghaidh séiritíopaí *Salmonella* a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na sláinte poiblí de:

An ealta a shainaithint	Aois na n-éan	Dáta na samplála deireanaí ar an ealta óna bhfuil an toradh tástála ar eolas [ll/mm/bbbb]	Toradh na tástála uile san ealta[11]	
			deimhneach	diúltach

Ar chúiseanna seachas an clár rialaithe *Salmonella*, laistigh den tréimhse 21 lá roimh dháta gluaiseachta na coinsíneachta idir na Ballstáit:

[2]cibé acu [níor riaradh frithmhiocróbacha don éanlaith chlóis phórúcháin agus don éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh;]

[2][12]nó [riaradh na frithmhiocróbacha seo a leanas don éanlaith chlóis phórúcháin agus don éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh: ……;]]";

(e) i gCaibidil 18, ceartaítear an tsamhail POU-INTRA-LT20 mar a leanas:

(i) i gCuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.2.1.1.:

"(10)[II.2.1.1. An clár rialaithe *Salmonella* dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus na ceanglais shonracha maidir le húsáid frithmhiocróbach agus vacsaíní a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1177/2006 ón gCoimisiún, cuireadh i bhfeidhm iad maidir leis an ealta thionscnaimh agus rinneadh tástáil ar an ealta le haghaidh séiritíopaí *Salmonella* a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na sláinte poiblí de:

An ealta a shainaithint	Aois na n-éan	Dáta na samplála deireanaí ar an ealta óna bhfuil an toradh tástála ar eolas [ll/mm/bbbb]	Toradh na tástála uile san ealta[11]	
			deimhneach	diúltach

Ar chúiseanna seachas an clár rialaithe *Salmonella*, laistigh den tréimhse 21 lá roimh dháta gluaiseachta na coinsíneachta idir na Ballstáit:

[1]*cibé acu* [níor riaradh frithmhiocróbacha don éanlaith chlóis phórúcháin agus don éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh;]

[1][12]*nó* [riaradh na frithmhiocróbacha seo a leanas don éanlaith chlóis phórúcháin agus don éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh: ……;]]";

(ii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (14):

"(14) Toisc go ngortar na sicíní lae dá dtagraítear sa deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo ó uibheacha a tugadh isteach san Aontas ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios de thríú tír nó de chríoch, ní mór urraim a thabhairt sa Bhallstát cinn scríbe do na ceanglais sláinte ainmhithe shonracha maidir le gluaiseacht agus láimhseáil na n-ainmhithe sin sa bhunaíocht chinn scríbe, mar a leagtar síos in Airteagail 112, 113 agus 114 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.";

(f) i gCaibidil 23, sa tsamhail BOV-SEM-A-INTRA, sna Nótaí a ghabhann le Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thagairt bhosca I.30:

"Tagairt bhosca I.30: '*Cineál*': Sonraigh seamhan.

'*Speiceas*": Roghnaigh "*Bos taurus*", "*Bison bison*" nó "*Bubalus bubalis*" de réir mar is iomchuí.

'Uimhir aitheantais': Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh.

'Marc aitheantais': Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear seamhan na coinsíneachta.

'An dáta bailithe/táirgthe': Sonraigh an dáta a bailíodh seamhan na coinsíneachta.

'Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid': Sonraigh uimhir formheasa uathúil an lárionaid bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan.

'*Cainníocht*': Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

'*Tástáil*': Sonraigh le haghaidh thástáil-BTV: II.2.8.5. agus/nó II.2.8.6, agus/nó le haghaidh thástáil-EHD: II.2.9.3.1. agus/nó II.2.9.3.2., más ábhartha.";

(g) i gCaibidil 26, ceartaítear an tsamhail BOV-OOCYTES-EMB-A-INTRA mar a leanas:

(i) i gCuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.2.5.1.:

"II.2.5.1. a coinníodh ar bhunaíochtaí nach bhfuil suite i gcrios srianta a bunaíodh de bharr galar crúb agus béil a bheith ann, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, le pliúrainiúmóine tógálach buaibheach nó le galar an chraicinn chnapánaigh nó le galar atá ag teacht chun cinn agus a bhaineann le bó-ainmhithe;";

(ii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thagairt bhosca I.30:

"Tagairt bhosca I.30: '*Speiceas*': Roghnaigh '*Bos taurus*', '*Bison bison*' nó '*Bubalus bubalis*' de réir mar is iomchuí.

'*Cineál*': Sonraigh más úicítí, suthanna arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* nó suthanna micri-ionramháilte.

"*Uimhir aitheantais*": Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh.

"*Marc aitheantais*": Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear úicítí nó suthanna na coinsíneachta.

'*An dáta bailithe/táirgthe*': Sonraigh an dáta a bailíodh nó a táirgeadh úicítí nó suthanna na coinsíneachta.

'*Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid*': Sonraigh uimhir formheasa uathúil na foirne bailithe nó táirgthe suthanna a bhailigh nó a tháirg na húicítí nó na suthanna.

'*Cainníocht*': Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

'*Tástáil*': Sonraigh le haghaidh thástáil-BTV: II.2.7.5. agus/nó II.2.7.6, agus/nó le haghaidh thástáil-EHD: II.2.8.3.1. agus/nó II.2.8.3.2., más ábhartha.";

(h) i gCaibidil 30, sa tsamhail OV/CAP-SEM-A-INTRA, sna Nótaí a ghabhann le Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thagairt bhosca I.30:

"Tagairt bhosca I.30: '*Cineál*': Sonraigh seamhan.

'*Speiceas*': Roghnaigh '*Ovis aries*' nó '*Capra hircus*' de réir mar is iomchuí.

'*Uimhir aitheantais*': Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh.

'*Marc aitheantais*': Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear seamhan na coinsíneachta.

'*An dáta bailithe/táirgthe*': Sonraigh an dáta a bailíodh seamhan na coinsíneachta.

'*Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid*': Sonraigh uimhir formheasa uathúil an lárionaid bailithe seamhain nó, i gcás bunaíochta dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, sonraigh uimhir cláruimhir uathúil na bunaíochta inar bailíodh an seamhan.

'*Cainníocht*': Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

'*Tástáil*': Sonraigh le haghaidh thástáil-BTV: II.2.8.5. agus/nó II.2.8.6, agus/nó le haghaidh thástáil-EHD: II.2.9.3.1. agus/nó II.2.9.3.2., más ábhartha.";

(i) i gCaibidil 33, sa tsamhail OV/CAP-OOCYTES-EMB-A-INTRA, sna Nótaí a ghabhann le Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thagairt bhosca I.30:

"Tagairt bhosca I.30: '*Cineál*': Sonraigh más suthanna arna ndíorthú *in vivo*, úicítí arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* nó suthanna micri-ionramháilte.

'*Speiceas*': Roghnaigh '*Ovis aries*' nó '*Capra hircus*' de réir mar is iomchuí.

'Uimhir aitheantais': Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh.

"Marc aitheantais": Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear úicítí nó suthanna na coinsíneachta.

"An dáta bailithe/táirgthe": Sonraigh an dáta a bailíodh nó a táirgeadh úicítí nó suthanna na coinsíneachta.

"Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid': Sonraigh uimhir formheasa uathúil na foirne bailithe nó táirgthe suthanna a bhailigh nó a tháirg na húicítí nó na suthanna.

'Cainníocht': Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

'Tástáil': Sonraigh le haghaidh thástáil-BTV: II.3.7.5. agus/nó II.3.7.6, agus/nó le haghaidh thástáil-EHD: II.3.8.3.1. agus/nó II.3.8.3.2., más ábhartha.";

(j) i gCaibidil 45, ceartaítear agus leasaítear an tsamhail EQUI-SEM-A-INTRA mar a leanas:

(i) i gCuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.2.5.2.:

"II.2.5.2. a coinníodh ar bhunaíochtaí nár tuairiscíodh iontu einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach, galar cúplála eachaí, surra (*Trypanosoma evansi*), ainéime thógálach eachaí, meitríteas tógálach eachaí (*Taylorella equigenitalis*), ionfhabhtú le víreas an chonfaidh ná antrasc;";

(ii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thagairt bhosca I.30:

"Tagairt bhosca I.30: *'Cineál'*: Sonraigh seamhan.

'Uimhir aitheantais': Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh.

'Marc aitheantais': Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear seamhan na coinsíneachta.

'An dáta bailithe/táirgthe': Sonraigh an dáta a bailíodh seamhan na coinsíneachta.

'Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid': Sonraigh uimhir formheasa uathúil an lárionaid bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan.

'Cainníocht': Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

'Tástáil': Sonraigh 'Rinneadh, féach pointí II.2.8. agus II.2.9'.";

(k) i gCaibidil 49, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.2.5.2 den tsamhail EQUI-OOCYTES-EMB-A-INTRA:

"II.2.5.2. a coinníodh ar bhunaíochtaí nár tuairiscíodh iontu einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach, surra (*Trypanosoma evansi*), ainéime thógálach eachaí, meitríteas tógálach eachaí (*Taylorella equigenitalis*), ionfhabhtú le víreas an chonfaidh ná antrasc;";

(l) i gCaibidil 61, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.2.2 den tsamhail CANIS-FELIS-FERRETS-INTRA:

"[(2)]cibé acu [II.2.2. Maidir leis na madraí, de thoradh a gcinn scríbe bheartaithe [(5)]) a shonraítear i mBosca I.9, nó i mBosca I.10 i gcás ina bhfuil an réigiúnú i bhfeidhm:

[(2)]*cibé acu* [cuireadh cóireáil orthu in aghaidh *Echinococcus multilocularis* i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/772 ón gCoimisiún.]

[(2)]*nó* [níor cuireadh cóireáil orthu in aghaidh[(6)] *Echinococcus multilocularis*.]]

[(2)]*nó* [II.2.2. Tá sé beartaithe na hainmhithe a iompar go díreach, i gcomhréir le hAirteagal 54(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, chuig an mbunaíocht theoranta a shonraítear i mBosca I.12 de Chuid I.]";

(2) Leasaítear agus ceartaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) i gCaibidil 4, ceartaítear an tsamhail OV/CAP-X mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí II.2.2 agus II.2.3.:

"II.2.2. gur fhan siad ar bhonn leanúnach:

(i) sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1 ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas, agus

(ii) sa bhunaíocht tionscnaimh ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas, ar bunaíocht í nár tugadh isteach le linn na tréimhse sin aon ainmhí den chineál caorach agus den chineál gabhair ná aon ainmhí de speicis eile a liostaítear maidir leis na galair chéanna le hainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair.

II.2.3. nach raibh aon teagmháil acu le hainmhithe a raibh stádas sláinte níos ísle acu ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas."

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.2.11.6.:

"cibé acu [II.2.11.6. nár tuairiscíodh ionfhabhtú le *Mycobacterium tuberculosis complex (M.bovis, M.caprae* agus *M.tuberculosis*) le linn na tréimhse 42 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas][(1)(8)]

nó[II.2.11.6. atá faoi réir faireachais chun ionfhabhtú le *Mycobacterium tuberculosis complex (M.bovis, M.caprae* agus *M.tuberculosis*) a bhrath i gcomhréir leis na nósanna imeachta i bpointí (1) agus (2) de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún le linn na tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus, le linn na tréimhse sin:

(i) níor tugadh isteach sa bhunaíocht ach ainmhithe den chineál gabhair ó na bunaíochtaí sin a chuireann an faireachas sin i bhfeidhm

(ii) sa chás gur tuairiscíodh ionfhabhtú le *Mycobacterium tuberculosis complex (M.bovis, M.caprae* agus *M.tuberculosis*) in ainmhithe den chineál caorach a choimeádtar ar an mbunaíocht, glacadh bearta i gcomhréir le pointe (3) de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688].[(1)(9)]"

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí II.2.11.9 agus II.2.11.10:

"II.2.11.9. nár tuairiscíodh antrasc inti ar feadh tréimhse 15 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas;

cibé acu[II.2.11.10. nár tuairiscíodh surra (*Trypanosoma evansi*) inti ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.] [(1)]

nó[II.2.11.10. nár tuairiscíodh surra (*Trypanosoma evansi*) inti ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus, nuair a tuairiscíodh an galar sin sa bhunaíocht tionscnaimh le linn an 2 bhliain roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas, lean an bhunaíocht de bheith faoi shrianta go dtí gur baineadh na hainmhithe a bhí ionfhabhtaithe ón mbunaíocht agus gur cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht faoi thástáil a raibh torthaí diúltacha uirthi chun surra (*Trypanosoma evansi*) a bhrath mar a thugtar tuairisc air in Airteagal 9, pointe (b)(i), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus a ndearnadh ar shamplaí a glacadh ar a laghad 6 mhí tar éis do na hainmhithe ionfhabhtaithe a bheith bainte ón mbunaíocht.] [(1)]

[II.2.11.11. nár tuairiscíodh *Burkholderia mallei* (fothach) inti ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.][(9)];

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na bhfonótaí a ghabhann le Cuid II:

"(1) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(2) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Dáta an luchtaithe: ní mór nach dáta é atá níos luaithe ná dáta údaraithe an chreasa maidir le teacht isteach san Aontas, nó i dtréimhse a raibh bearta srianta i bhfeidhm ag an Aontas lena linn in aghaidh theacht isteach na n-ainmhithe seo ón gcrios sin.

(4) I gcás criosanna a bhfuil a ndáta oscailte i gcomhréir le colún 9 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(5) I gcás criosanna a bhfuil BTV luaite leo i gcolún 7 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(6) I gcás criosanna a bhfuil SF-BTV luaite leo i gcolún 7 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(7) I gcás criosanna a bhfuil SF-EHD luaite leo i gcolún 7 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(8) I gcás ainmhithe den chineál caorach amháin.

(9) I gcás ainmhithe den chineál gabhair amháin.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(11) Criosanna a bhfuil BRU luaite leo le haghaidh ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair i gcolún 7 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.";

(b) i gCaibidil 12, ceartaítear an tsamhail EQUI-X mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí II.1.1 agus II.1.2:

"II.1.1. níl sé beartaithe é a mharú lena ithe ag an duine ná níl sé beartaithe é a mharú faoi chuimsiú galar atá tógálach d'deach-ainmhithe a dhíothú, agus

[1]*cibé acu* [is each-ainmhí cláraithe é, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (12), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún.]

[1]*nó* [is capall cláraithe é, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (12), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692]

[1]*nó* [is each-ainmhí é seachas each-ainmhí cláraithe nó capall cláraithe.]

II.1.2. nár léirigh sé comharthaí ná siomptóim galar a liostaítear le haghaidh each-ainmhithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún le linn an scrúdaithe chliniciúil a rinneadh an……. (*cuir isteach an dáta ll/mm/bbbb*)[2], agus an dáta sin laistigh den tréimhse 24 uair an chloig nó, i gcás capall cláraithe, laistigh den tréimhse 48 uair an chloig nó ar an lá oibre deireanach roimh imeacht an ainmhí ón mbunaíocht chláraithe.";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na nótaí a ghabhann le Cuid I:

"Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód na tíre, na críche, nó an chreasa de thír nó de chríoch mar atá i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

Tagairt bhosca I.27: '*Córas sainaitheantais*': Ní mór an t-ainmhí a shainaithint ina aonar le ceann de na modhanna sainaitheantais a leagtar síos in Airteagal 21(2), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, nó a bheith sainaitheanta le modh malartach ar choinníoll go ndéantar taifead de i ndoiciméad sainaitheantais (pas) an ainmhí dá dtagraítear in Airteagal 21(2), pointe (b)(i), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. Sonraigh an córas aitheantais agus an áit anatamaíoch ar an ainmhí a úsáidtear. Má tá pas ag gabháil leis an ainmhí, ba cheart a uimhir a shonrú agus ainm an údaráis inniúil a bhailíochtaigh é.";

(iii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonótaí (2) agus (8):

"(2) Ní mór an deimhniú a eisiúint laistigh den tréimhse 10 lá roimh dháta theacht na coinsíneachta ag an bpost rialaithe teorann; i gcás iompair ar muir, féadfar tréimhse bhreise a chur leis an tréimhse a bheidh ag freagairt d'fhad an turais ar muir.

Ní cheadófar an teacht isteach san Aontas i gcás inar luchtaíodh an t-ainmhí roimh dháta údaraithe na tíre, na críche, nó an chreasa de thír nó de chríoch lena mbaineann, dá dtagraítear i bpointe II.2.1., maidir le teacht isteach san Aontas, nó le linn tréimhse ina raibh bearta srianta glactha ag an Aontas in aghaidh teacht isteach each-ainmhithe san Aontas ón tír sin, ón gcríoch sin, nó ón gcrios sin den tír nó den chríoch. Seiceáil in aghaidh cholúin 8 agus 9 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Cód na tíre, na críche nó an chreasa den tír nó den chríoch agus an Grúpa Sláintíochta mar atá i gcolún 2 agus colún 3 faoi seach den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(4) Tástálacha le haghaidh fothaigh, surra, galar cúplála eachaí, ainéime thógálach eachaí agus einceifealaim-iailíteas eachaí Veiniséalach ar a dtugann Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh um Ghalair Eachaí tuairisc seachas tinneas Afracach eachaí: https://sitesv2.anses.fr/en/minisite/equine-diseases/sop

(5) Crios na tíre nó na críche atá údaraithe le haghaidh teacht isteach san Aontas mar atá i gcolún 2 agus colún 5 faoi seach den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(6) Gan bheith údaraithe ach amháin má tá an tír sheolta sannta do Ghrúpa Sláintíochta G.

(7) Ráitis a bhaineann go hiomlán agus go heisiach le Grúpa Sláintíocht atá éagsúil leis an nGrúpa Sláintíochta dá bhfuil an tír sheolta, an chríoch sheolta nó an crios seolta den tír nó den chríoch sannta, féadfar iad a fhágáil ar lár, ar choinníoll go gcoinnítear uimhriú na ráiteas ina dhiaidh sin ar bun.

(8) Tástálacha le haghaidh tinneas Afracach eachaí ar a dtugann Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh tuairisc le haghaidh tinneas Afracach eachaí:

https://www.mapa.gob.es/en/ganaderia/temas/laboratorios/referencia-union-europea-oie/diagnostico/default.aspx";

(iv) sa Dearbhú ón oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht each-ainmhí nach bhfuil sé beartaithe é a mharú a thabhairt isteach san Aontas, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (1):

"(1) *Córas sainaitheantais*: Ní mór an t-ainmhí a shainaithint ina aonar le ceann de na modhanna sainaitheantais a leagtar síos in Airteagal 21(2), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, nó a bheith sainaitheanta le modh malartach ar choinníoll go ndéantar taifead de i ndoiciméad sainaitheantais (pas) an ainmhí dá dtagraítear in Airteagal 21(2), pointe (b)(i), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. Sonraigh an córas aitheantais (amhail clib cluaise, trasfhreagróir) agus an áit anatamaíoch ar an ainmhí a úsáidtear.

Má tá pas ag gabháil leis an ainmhí, ba cheart a uimhir a shonrú agus ainm an údaráis inniúil a bhailíochtaigh é.

Aois: Dáta na breithe (ll/mm/bbbb).

Inscne (F = fireann, B = baineann, C = coillte).";

(c) i gCaibidil 1 3, ceartaítear samhail EQUI-Y mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.2:

"II.1.2. níor léirigh sé comharthaí nó siomptóim galar a liostaítear le haghaidh each-ainmhithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún le linn an scrúdaithe chliniciúil arna dhéanamh an ……. (*cuir isteach an dáta ll/mm/bbbb*)[2], agus an dáta sin a bheith laistigh den tréimhse 24 uair roimh imeacht:

[3]*cibé acu* [ón mbunaíocht tionscnaimh cláraithe sa tír seolta, sa chríoch seolta nó i gcrios den tír nó den chríoch seolta sin;]

[3]*nó* [ón mbunaíocht a d'fhormheas údarás inniúil na tíre seolta nó na críche seolta chun oibríochtaí tionóil each-ainmhithe a dhéanamh i gcomhréir le ceanglais atá ar a laghad chomh dian céanna leis na cinn a leagtar síos in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún;]";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na Nótaí a ghabhann le Cuid I:

"Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód na tíre, cód na críche nó cód chrios na tíre nó na críche sin mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

Tagairt bosca I.27: '*Córas sainaitheantais*': Ní mór na hainmhithe a shainaithint go haonarach trí cheann amháin de na modhanna sainaitheantais a leagtar síos i bpointe (a) d'Airteagal 21(2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 lena gceadaítear na hainmhithe a nascadh leis an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil. Sonraigh an córas sainaitheantais agus an áit anatamaíoch a mbaintear úsáid aisti ar na hainmhithe.";

(iii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonótaí (2) agus (4):

"(2) Ní mór an deimhniú a eisiúint laistigh den tréimhse 10 lá roimh dháta theacht na coinsíneachta ag an bpost rialaithe teorann; i gcás iompair ar muir, féadfar tréimhse bhreise a chur leis an tréimhse a bheidh ag freagairt d'fhad an turais ar muir.

Ní cheadófar teacht isteach san Aontas i gcás inar luchtaíodh na hainmhithe roimh dháta údaraithe na tíre, na críche nó chrios na tíre nó na críche sin faoi seach dá dtagraítear i bpointe II.2.1., maidir leis an teacht isteach san Aontas, ná le linn tréimhse ina mbeidh bearta sriantacha glactha ag an Aontas in aghaidh na heach-ainmhithe a theacht isteach san Aontas ón tír, ón gcríoch nó ó chrios na tíre nó na críche sin. Seiceáil i gcolúin 8 agus 9 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Scrios de réir mar is iomchuí.

(4) Cód na tíre, cód na críche nó cód chrios na tíre nó na críche sin agus cód an Ghrúpa Sláintíochta mar atá siad le feiceáil i gcolúin 2 agus 3 faoi seach den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.";

(iv) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (7):

"(7) Tástálacha maidir le tinneas Afracach eachaí a ndéanann Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh um thinneas Afracach eachaí tuairisc orthu:

https://www.mapa.gob.es/en/ganaderia/temas/laboratorios/referencia-union-europea-oie/diagnostico/default.aspx";

(v) sa Dearbhú ón oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht each-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú a theacht isteach san Aontas, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (1):

"(1) *Córas sainaitheantais*: Ní mór na hainmhithe a shainaithint go haonarach trí cheann amháin de na modhanna sainaitheantais a leagtar síos i bpointe (a) d'Airteagal 21(2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 lena gceadaítear na hainmhithe a nascadh leis an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil. Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail clib cluaise, trasfhreagróir) agus an áit anatamaíoch a mbaintear úsáid aisti ar na hainmhithe.";

(d) i gCaibidil 14, ceartaítear samhail EQUI-TRANSIT-X mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí II.1.1 agus II.1.2:

"II.1.1. níl sé beartaithe é a mharú lena ithe ag an duine ná níl sé beartaithe é a mharú faoi chuimsiú galar atá tógálach d'each-ainmhithe a dhíothú, agus

[(1)]*cibé acu* [is each-ainmhí cláraithe é, mar a shainmhínítear i bpointe (12) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún.]

[(1)]*nó* [is capall cláraithe é mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (12), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.]

[(1)]*nó* [is each-ainmhí é seachas each-ainmhí cláraithe nó capall cláraithe.]

II.1.2. níor léirigh sé comharthaí nó siomptóim galar a liostaítear le haghaidh each-ainmhithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún le linn an scrúdaithe chliniciúil arna dhéanamh an ..... (*cuir isteach an dáta ll/mm/bbbb*)[(2)], agus an dáta sin a bheith laistigh den tréimhse 24 uair an chloig, nó i gcás capall cláraithe laistigh den tréimhse 48 uair an chloig nó ar an lá oibre deireanach, roimh imeacht ón mbunaíocht chláraithe.";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na Nótaí a ghabhann le Cuid I:

"Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód na tíre, cód na críche nó cód chrios na tíre nó na críche sin mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

Tagairt bosca I.27: '*Córas sainaitheantais*': Ní mór na hainmhithe a shainaithint go haonarach trí cheann amháin de na modhanna sainaitheantais a leagtar síos i bpointe (a) d'Airteagal 21(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, nó a shainaithint trí mhodh malartach ar choinníoll go ndéantar taifead de i ndoiciméad sainaitheantais (pas) an ainmhí dá dtagraítear i bpointe (b)(i) d'Airteagal 21(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. Sonraigh an córas sainaitheantais agus an áit anatamaíoch a mbaintear úsáid aisti ar an ainmhí. Má tá pas ag gabháil leis an ainmhí, ní mór a uimhir agus ainm an údaráis inniúil a bhailíochtaigh é a shonrú.";

(iii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonótaí (2) agus (8):

"(2) Ní mór an deimhniú a eisiúint laistigh den tréimhse 10 lá roimh dháta theacht na coinsíneachta ag an bpost rialaithe teorann; i gcás iompair ar muir, féadfar tréimhse bhreise a chur leis an tréimhse a bheidh ag freagairt d'fhad an turais ar muir.

Ní cheadófar teacht isteach san Aontas i gcás inar luchtaíodh an t-ainmhí roimh dháta údaraithe na tíre, na críche nó chrios na tíre nó na críche sin faoi seach dá dtagraítear i bpointe II.2.1., maidir leis an teacht isteach san Aontas, ná le linn tréimhse ina mbeidh bearta sriantacha glactha ag an Aontas in aghaidh na heach-ainmhithe a theacht isteach san Aontas ón tír, ón gcríoch nó ó chrios na tíre nó na críche sin. Seiceáil i gcolúin 8 agus 9 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Cód na tíre, cód na críche nó cód chrios na tíre nó na críche sin agus cód an Ghrúpa Sláintíochta mar atá siad le feiceáil i gcolúin 2 agus 3 faoi seach den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(4) Tástálacha ar fhothach, surra, galar cúplála eachaí, ainéime thógálach eachaí agus einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach a ndéanann Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh um Ghalair Eachaí seachas tinneas Afracach eachaí tuairisc orthu: https://sitesv2.anses.fr/en/minisite/equine-diseases/sop

(5) Crios tíre nó crios críche atá údaraithe a theacht isteach san Aontas mar atá sé le feiceáil i gcolúin 2 agus 5 faoi seach den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(6) Údaraithe i gcás ina sanntar tír seolta do Ghrúpa Sláintíochta G, agus sa chás sin amháin.

(7) Féadfar ráitis a bhaineann go hiomlán agus go heisiach le Grúpa Sláintíochta atá éagsúil ón nGrúpa Sláintíochta a bhfuil tír seolta, críoch seolta nó crios na tíre nó na críche seolta sin sannta dó, a fhágáil amach ar choinníoll go gcoinnítear uimhriú na ráiteas ina dhiaidh sin.

(8) Tástálacha maidir le tinneas Afracach eachaí a ndéanann Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh um thinneas Afracach eachaí tuairisc orthu:

https://www.mapa.gob.es/en/ganaderia/temas/laboratorios/referencia-union-europea-oie/diagnostico/default.aspx";

(iv) sa Dearbhú ón oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht each-ainmhithe nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú a iompar tríd an Aontas, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (1):

"(1) *Córas sainaitheantais*: Ní mór na hainmhithe a shainaithint go haonarach trí cheann amháin de na modhanna sainaitheantais a leagtar síos i bpointe (a) d'Airteagal 21(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, nó a shainaithint trí mhodh malartach ar choinníoll go ndéantar taifead de i ndoiciméad sainaitheantais (pas) an ainmhí dá dtagraítear i bpointe (b)(i) d'Airteagal 21(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail clib cluaise, trasfhreagróir) agus an áit anatamaíoch a mbaintear úsáid aisti ar an ainmhí.

Má tá pas ag gabháil leis an ainmhí, ní mór a uimhir agus ainm an údaráis inniúil a bhailíochtaigh é a shonrú.

Aois: Dáta breithe (ll/mm/bbbb).

Inscne (F = fireann, B = baineann, C = coillte).";

(e) i gCaibidil 15, ceartaítear samhail EQUI-TRANSIT-Y mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.2:

"II.1.2. níor léirigh sé comharthaí nó siomptóim galar a liostaítear le haghaidh each-ainmhithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún le linn an scrúdaithe chliniciúil arna dhéanamh an ..... (*cuir isteach an dáta ll/mm/bbbb*)[2], agus an dáta sin a bheith laistigh den tréimhse 24 uair roimh imeacht:

[3]*cibé acu* [ón mbunaíocht tionscnaimh cláraithe sa tír seolta, sa chríoch seolta nó i gcrios den tír nó den chríoch seolta sin;]

[3]*nó* [ón mbunaíocht a d'fhormheas údarás inniúil na tíre seolta nó na críche seolta nó chrios na tíre nó na críche seolta sin chun oibríochtaí tionóil each-ainmhithe a dhéanamh i gcomhréir le ceanglais atá ar a laghad chomh dian céanna leis na cinn a leagtar síos in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún;]";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na Nótaí a ghabhann le Cuid I:

"Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód na tíre seolta, cód na críche seolta nó cód chrios na tíre nó na críche seolta sin mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

Tagairt bosca I.27: '*Córas sainaitheantais*': Ní mór na hainmhithe a shainaithint go haonarach trí cheann amháin de na modhanna sainaitheantais a leagtar síos i bpointe (a) d'Airteagal 21(2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 lena gceadaítear na hainmhithe a nascadh leis an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil. Sonraigh an córas sainaitheantais agus an áit anatamaíoch a mbaintear úsáid aisti ar na hainmhithe.";

(iii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonótaí (2) agus (4):

"(2) Ní mór an deimhniú a eisiúint laistigh den tréimhse 10 lá roimh dháta theacht na coinsíneachta ag an bpost rialaithe teorann; i gcás iompair ar muir, féadfar tréimhse bhreise a chur leis an tréimhse a bheidh ag freagairt d'fhad an turais ar muir.

Ní cheadófar teacht isteach san Aontas i gcás inar luchtaíodh na hainmhithe roimh dháta údaraithe na tíre, na críche nó chrios na tíre nó na críche sin faoi seach dá dtagraítear i bpointe II.2.1., maidir leis an teacht isteach san Aontas, ná le linn tréimhse ina mbeidh bearta sriantacha glactha ag an Aontas in aghaidh na heach-ainmhithe a theacht isteach san Aontas ón tír, ón gcríoch nó ó chrios na tíre nó na críche sin. Seiceáil i gcolúin 8 agus 9 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Scrios de réir mar is iomchuí.

(4) Cód na tíre, na críche nó crios na tíre nó na críche sin agus cód an Ghrúpa Sláintíochta mar atá siad le feiceáil i gcolúin 2 agus 3 faoi seach den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.";

(iv) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (7):

"(7) Tástálacha maidir le tinneas Afracach eachaí a ndéanann Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh um thinneas Afracach eachaí tuairisc orthu:

https://www.mapa.gob.es/en/ganaderia/temas/laboratorios/referencia-union-europea-oie/diagnostico/default.aspx";;

(v) sa Dearbhú ón oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht each-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú a iompar tríd an Aontas, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (1):

"(1) *Córas sainaitheantais*: Ní mór na hainmhithe a shainaithint go haonarach trí cheann de na modhanna sainaitheantais a leagtar síos i bpointe (a) d'Airteagal 21(2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, lena gceadaítear na hainmhithe a nascadh leis an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil. Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail clib cluaise, trasfhreagróir) agus an áit anatamaíoch a mbaintear úsáid aisti ar an ainmhí.";

(f) i gCaibidil 16, ceartaítear an tsamhail EQUI-RE-ENTRY-30 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí II.2.4 go II.2.7:

"II.2.4. Go dtagann an t-each-ainmhí a bhfuil tuairisc air i gCuid I ó bhunaíocht atá i dtír, i gcríoch nó i gcrios ina bhfuil an bhunaíocht:

[3] [nár tuairiscíodh ionfhabhtú inti le *Burkholderia mallei* (fothach) le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]

[3]*nó* [ina ndearnadh clár faireachais agus díothaithe maidir le hionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) atá aitheanta ag an Aontas[1] le linn na tréimhse 36 mhí roimh an dáta imeachta, agus

[3] [nár tuairiscíodh ionfhabhtú inti le *Burkholderia mallei* (fothach) le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]]

[3]*nó* [inar tuairiscíodh ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí agus i ndiaidh na ráige deireanaí, ach gur fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta:

[3] [go dtí go ndéanfar tástáil fosúcháin chomhlánaithe le haghaidh ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach)[4] ar na heach-ainmhithe atá fágtha sa bhunaíocht, a rinneadh, le torthaí diúltacha ar chaolú séirim 1 as 5, ar shamplaí a tógadh sé mhí ar a laghad tar éis an dáta a maraíodh agus a scriosadh na hainmhithe a bhí ionfhabhtaithe.]]]

[3]*nó* [ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad ó dháta ghlanadh agus dhíghalrú na bunaíochta, tar éis mharú agus scriosadh an each-ainmhí deiridh.]]]

II.2.5. Go dtagann an t-each-ainmhí a bhfuil tuairisc air i gCuid I ó bhunaíocht atá i dtír, i gcríoch nó i gcrios ina bhfuil an bhunaíocht:

[3] [níor tuairiscíodh surra le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]

[3]*nó* [ina ndearnadh clár faireachais agus díothaithe maidir le surra atá aitheanta ag an Aontas[1] le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta, agus

[3] [nár tuairiscíodh surra inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]]

[3]*nó* [inar tuairiscíodh surra le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí agus i ndiaidh na ráige deireanaí, ach gur fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta:

[3] [go dtí go ndéanfar measúnacht imdhíonsúiteachta einsímnasctha (ELISA) ar na hainmhithe eile sa bhunaíocht le haghaidh triail triopanosomóis nó tástáil gleanúine cárta le haghaidh triopanosomóis (TGCT) ag caolú séirim 1 as 4[4] ar a raibh torthaí diúltacha, ar shamplaí a tógadh sé mhí ar a laghad tar éis an dáta a baineadh an t-ainmhí ionfhabhtaithe deiridh ón mbunaíocht.]]]]

[3]*nó* [ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad ó dháta ghlanadh agus dhíghalrú na bunaíochta, tar éis mharú agus scriosadh an ainmhí deiridh den speiceas liostaithe sa bhunaíocht.]]]

II.2.6. Go dtagann an t-each-ainmhí a bhfuil tuairisc air i gCuid I ó bhunaíocht atá i dtír, i gcríoch nó i gcrios ina bhfuil an bhunaíocht:

[3] [nár tuairiscíodh galar cúplála eachaí inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]

[3]*nó* [ina ndearnadh clár faireachais agus díothaithe maidir le galar cúplála eachaí, atá aitheanta ag an Aontas[1] le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta, agus

[3] [nár tuairiscíodh galar cúplála eachaí inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]

[3]*nó* [inar tuairiscíodh galar cúplála eachaí le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí agus i ndiaidh na ráige deireanaí, ach gur fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta:

[3] [go dtí go ndéanfar tástáil fosúcháin chomhlánaithe le haghaidh galar cúplála eachaí ar na heach-ainmhithe atá fágtha sa bhunaíocht, ar a raibh torthaí diúltacha ar chaolú séirim 1 as 5[4], ar shamplaí a tógadh sé mhí ar a laghad tar éis an dáta a maraíodh agus a scriosadh na hainmhithe a bhí ionfhabhtaithe, nó an dáta a coilleadh na heach-ainmhithe fireanna uile.]]]

[3]*nó* [ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad ó dháta ghlanadh agus dhíghalrú na bunaíochta, tar éis mharú agus scriosadh an each-ainmhí deiridh sa bhunaíocht.]]]

II.2.7. Níor vacsaíníodh an t-each-ainmhí a bhfuil tuairisc air i gCuid I in aghaidh einceifilimiailíteas eachaí Veiniséalach le linn na tréimhse 60 lá roimh dháta a imeachta, agus

[3]*c* [is as bunaíocht é atá suite i dtír nó i gcríoch nár tuairiscíodh einceifilimiailíteas eachaí Veiniséalach inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta a imeachta.]

[3]*nó* [is as bunaíocht é nár tuairiscíodh einceifilimiailíteas eachaí Veiniséalach inti le linn na tréimhse sé mhí roimh dháta a imeachta agus atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios de thír, de chríoch nó de chrios ina ndearnadh clár faireachais agus díothaithe d'einceifilimiailíteas eachaí Veiniséalach arna aithint ag an Aontas(1) a chur i gcrích le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta a imeachta.]";

(ii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thagairt bhosca I.8:

"Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód na tíre, na críche, nó an chreasa de thír nó de chríoch mar atá i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.";;

(iii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonótaí (1) agus (2):

"(1) Ní mór an deimhniú a eisiúint laistigh den tréimhse 10 lá roimh dháta theacht an choinsíneachta ag an bpost rialaithe teorann; i gcás iompar ar muir, féadfar tréimhse bhreise a chur leis an tréimhse a bheidh ag freagairt d'fhad an turais ar muir.

Ní cheadófar an teacht isteach san Aontas i gcás ina luchtófar an t-ainmhí roimh dháta an údaraithe chun teacht isteach san Aontas ó thír, ó chríoch nó ó chrios den tír, den chríoch nó den chrios faoi seach dá dtagraítear i bpointe II.2.1., ná le linn tréimhse ina bhfuil bearta sriantacha glactha ag an Aontas i gcoinne ainmhithe eachaí a theacht isteach san Aontas ón tír, ón gcríoch sin nó ó chrios den tír sin, nó den chríoch sin. Seiceáil in aghaidh cholúin 8 agus 9 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(2) Cód na tíre, na críche nó an chreasa den tír nó den chríoch agus an Grúpa Sláintíochta mar atá i gcolún 2 agus colún 3 faoi seach den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.";

(g) i gCaibidil 17, ceartaítear an tsamhail EQUI-RE-ENTRY-90-COMP mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí II.2.4 go II.2.7:

"II.2.4. Go dtagann an t-each-ainmhí a bhfuil tuairisc air i gCuid I ó bhunaíocht atá i dtír, i gcríoch nó i gcrios ina bhfuil an bhunaíocht:

[3] [nár tuairiscíodh ionfhabhtú inti le *Burkholderia mallei* (fothach) le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]

[3]*nó* [ina ndearnadh clár faireachais agus díothaithe maidir le hionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) atá aitheanta ag an Aontas [1] le linn na tréimhse 36 mhí roimh an dáta imeachta, agus

[3] [nár tuairiscíodh ionfhabhtú inti le *Burkholderia mallei* (fothach) le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]]

[3]*nó* [inar tuairiscíodh ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí agus i ndiaidh na ráige deireanaí, ach gur fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta:

[3] [go dtí go ndéanfar tástáil fosúcháin chomhlánaithe le haghaidh ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach)(4) ar na heach-ainmhithe atá fágtha sa bhunaíocht, a rinneadh, le torthaí diúltacha ar chaolú séirim 1 as 5, ar shamplaí a tógadh sé mhí ar a laghad tar éis an dáta a maraíodh agus a scriosadh na hainmhithe a bhí ionfhabhtaithe.]]]

[3]*nó* [ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad ó dháta ghlanadh agus dhíghalrú na bunaíochta, tar éis mharú agus scriosadh an each-ainmhí deiridh.]]]

II.2.5. Go dtagann an t-ainmhí eachaí a bhfuil tuairisc air i gCuid I ó bhunaíocht atá i dtír, i gcríoch nó i gcrios ina bhfuil an bhunaíocht:

[3] [nár tuairiscíodh Surra inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta.]

[3]*nó* [ina ndearnadh clár faireachais agus díothaithe maidir le surra atá aitheanta ag an Aontas[1] le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta, agus

[3] [nár tuairiscíodh surra inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]]

[3] [inar tuairiscíodh surra le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí agus i ndiaidh na ráige deireanaí, ach gur fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta:

[3] [go dtí go ndéanfar measúnacht imdhíonsúiteachta einsímnasctha (ELISA) ar na hainmhithe eile sa bhunaíocht le haghaidh triail triopanosomóis nó tástáil gleanúine cárta le haghaidh triopanosomóis (TGCT) ag caolú séirim 1 as 4[4] ar a raibh torthaí diúltacha, ar shamplaí a tógadh sé mhí ar a laghad tar éis an dáta a baineadh an t-ainmhí ionfhabhtaithe deiridh ón mbunaíocht.]]]]

[3]*nó* [ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad ó dháta ghlanadh agus dhíghalrú na bunaíochta, tar éis mharú agus scriosadh an ainmhí deiridh den speiceas liostaithe sa bhunaíocht.]]]

II.2.6. Go dtagann an t-ainmhí eachaí a bhfuil tuairisc air i gCuid I ó bhunaíocht atá i dtír, i gcríoch nó i gcrios ina bhfuil an bhunaíocht:

[3] [nár tuairiscíodh galar cúplála eachaí inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]

[3]*nó* [ina ndearnadh clár faireachais agus díothaithe maidir le galar cúplála eachaí, atá aitheanta ag an Aontas[1] le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta, agus

[3] [nár tuairiscíodh galar cúplála eachaí inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]

[3]*nó* [inar tuairiscíodh galar cúplála eachaí le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí agus i ndiaidh na ráige deireanaí, ach gur fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta:

[3] [go dtí go ndéanfar tástáil fosúcháin chomhlánaithe le haghaidh galar cúplála eachaí ar na heach-ainmhithe atá fágtha sa bhunaíocht, ar a raibh torthaí diúltacha ar chaolú séirim 1 as 5[4], ar shamplaí a tógadh 6 mhí ar a laghad tar éis an dáta a maraíodh agus a scriosadh na hainmhithe a bhí ionfhabhtaithe, nó an dáta a coilleadh na heach-ainmhithe fireanna uile.]]]

[3]*nó* [ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad ó dháta ghlanadh agus dhíghalrú na bunaíochta, tar éis mharú agus scriosadh an each-ainmhí deiridh sa bhunaíocht.]]]

II.2.7. Níor vacsaíníodh an t-each-ainmhí a bhfuil tuairisc air i gCuid I in aghaidh einceifilimiailíteas eachaí Veiniséalach le linn na tréimhse 60 lá roimh dháta a imeachta, agus

[3] [is as bunaíocht é atá suite i dtír nó i gcríoch nár tuairiscíodh einceifilimiailíteas eachaí Veiniséalach inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta a imeachta.]

[3]*nó* [is as bunaíocht é nár tuairiscíodh einceifilimiailíteas eachaí Veiniséalach inti le linn na tréimhse sé mhí roimh dháta a imeachta agus atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios de thír, de chríoch nó de chrios ina ndearnadh clár faireachais agus díothaithe d'einceifilimiailíteas eachaí Veiniséalach arna aithint ag an Aontas[1] a chur i gcrích le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta a imeachta.]";

(ii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thagairt bhosca I.8:

"Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód na tíre, na críche, nó an chreasa de thír nó de chríoch mar atá i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.";

(iii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonótaí (1) agus (2):

"(1) Ní mór an deimhniú a eisiúint laistigh den tréimhse 10 lá roimh dháta theacht an choinsíneachta ag an bpost rialaithe teorann; i gcás iompar ar muir, féadfar tréimhse bhreise a chur leis an tréimhse a bheidh ag freagairt d'fhad an turais ar muir.

Ní cheadófar an teacht isteach san Aontas i gcás ina luchtófar an t-ainmhí roimh dháta an údaraithe chun teacht isteach san Aontas ó thír, ó chríoch nó ó chrios den tír, den chríoch nó den chrios faoi seach dá dtagraítear i bpointe II.2.1., ná le linn tréimhse ina bhfuil bearta sriantacha glactha ag an Aontas i gcoinne ainmhithe eachaí a theacht isteach san Aontas ón tír, ón gcríoch sin nó ó chrios den tír sin, nó den chríoch sin. Seiceáil in aghaidh cholúin 8 agus 9 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(2) Cód na tíre, na críche nó an chreasa den tír nó den chríoch agus an Grúpa Sláintíochta mar atá i gcolún 2 agus colún 3 faoi seach den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.";

(h) i gCaibidil 18, ceartaítear an tsamhail EQUI- RE-ENTRY-90-RACE mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí II.2.4 go II.2.7:

"II.2.4. Go dtagann an t-each-ainmhí a bhfuil tuairisc air i gCuid I ó bhunaíocht atá i dtír, i gcríoch nó i gcrios ina bhfuil an bhunaíocht:

[3] [nár tuairiscíodh ionfhabhtú inti le Burkholderia mallei (fothach) le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]

[3] [ina ndearnadh clár faireachais agus díothaithe maidir le hionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) atá aitheanta ag an Aontas[1] le linn na tréimhse 36 mhí roimh an dáta imeachta, agus

[3] [nár tuairiscíodh ionfhabhtú inti le *Burkholderia mallei* (fothach) le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]]

[3]*nó* [inar tuairiscíodh ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí agus i ndiaidh na ráige deireanaí, ach gur fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta:

[3] [go dtí go ndéanfar tástáil fosúcháin chomhlánaithe le haghaidh ionfhabhtú le Burkholderia mallei (fothach)(4) ar na heach-ainmhithe atá fágtha sa bhunaíocht, a rinneadh, le torthaí diúltacha ar chaolú séirim 1 as 5, ar shamplaí a tógadh sé mhí ar a laghad tar éis an dáta a maraíodh agus a scriosadh na hainmhithe a bhí ionfhabhtaithe.]]]

[3]*nó* [ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad ó dháta ghlanadh agus dhíghalrú na bunaíochta, tar éis mharú agus scriosadh an each-ainmhí deiridh.]]]

II.2.5. Go dtagann an t-ainmhí eachaí a bhfuil tuairisc air i gCuid I ó bhunaíocht atá i dtír, i gcríoch nó i gcrios ina bhfuil an bhunaíocht:

[3] [nár tuairiscíodh Surra inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta.]

[3]*nó* [ina ndearnadh clár faireachais agus díothaithe maidir le surra atá aitheanta ag an Aonta[s](1) le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta, agus

[3] [nár tuairiscíodh surra inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]]

[3]*nó* [inar tuairiscíodh surra le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí agus i ndiaidh na ráige deireanaí, ach gur fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta:

(3) [go dtí go ndéanfar measúnacht imdhíonsúiteachta einsímnasctha (ELISA) ar na hainmhithe eile sa bhunaíocht le haghaidh triail triopanosomóis nó tástáil gleanúine cárta le haghaidh triopanosomóis (TGCT) ag caolú séirim 1 as 4(4) ar a raibh torthaí diúltacha, ar shamplaí a tógadh sé mhí ar a laghad tar éis an dáta a baineadh an t-ainmhí ionfhabhtaithe deiridh ón mbunaíocht.]]]]

[3]*nó* [ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad ó dháta ghlanadh agus dhíghalrú na bunaíochta, tar éis mharú agus scriosadh an ainmhí deiridh den speiceas liostaithe sa bhunaíocht.]]]

II.2.6. Go dtagann an t-ainmhí eachaí a bhfuil tuairisc air i gCuid I ó bhunaíocht atá i dtír, i gcríoch nó i gcrios ina bhfuil an bhunaíocht:

[3] [nár tuairiscíodh galar cúplála eachaí inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]

[3]*nó* [ina ndearnadh clár faireachais agus díothaithe maidir le galar cúplála eachaí, atá aitheanta ag an Aontas(1) le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta, agus

[3] [nár tuairiscíodh galar cúplála eachaí inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]

[3]*nó* [inar tuairiscíodh galar cúplála eachaí le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí agus i ndiaidh na ráige deireanaí, ach gur fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta:

[3] [go dtí go ndéanfar tástáil fosúcháin chomhlánaithe le haghaidh galar cúplála eachaí ar na heach-ainmhithe atá fágtha sa bhunaíocht, ar a raibh torthaí diúltacha ar chaolú séirim 1 as 5(4), ar shamplaí a tógadh sé mhí ar a laghad tar éis an dáta a maraíodh agus a scriosadh na hainmhithe a bhí ionfhabhtaithe, nó an dáta a coilleadh na heach-ainmhithe fireanna uile.]]]

[3]*nó* [ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad ó dháta ghlanadh agus dhíghalrú na bunaíochta, tar éis mharú agus scriosadh an each-ainmhí deiridh sa bhunaíocht.]]]

II.2.7. Níor vacsaíníodh an t-each-ainmhí a bhfuil tuairisc air i gCuid I in aghaidh einceifilimiailíteas eachaí Veiniséalach le linn na tréimhse 60 lá roimh dháta a imeachta, agus

[3] [is as bunaíocht é atá suite i dtír nó i gcríoch nár tuairiscíodh einceifilimiailíteas eachaí Veiniséalach inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta a imeachta.]

[3]*nó* [is as bunaíocht é nár tuairiscíodh einceifilimiailíteas eachaí Veiniséalach inti le linn na tréimhse sé mhí roimh dháta a imeachta agus atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios de thír, de chríoch nó de chrios ina ndearnadh clár faireachais agus díothaithe d'einceifilimiailíteas eachaí Veiniséalach arna aithint ag an Aontas[1] a chur i gcrích le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta a imeachta.]";

(ii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thagairt bhosca I.8:

"Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód na tíre, na críche, nó an chreasa de thír nó de chríoch mar atá i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún."

(iii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonótaí (1) agus (2):

"(1) Ní mór an deimhniú a eisiúint laistigh den tréimhse 10 lá roimh dháta theacht an choinsíneachta ag an bpost rialaithe teorann; i gcás iompar ar muir, féadfar tréimhse bhreise a chur leis an tréimhse a bheidh ag freagairt d'fhad an turais ar muir.

Ní cheadófar an teacht isteach san Aontas i gcás ina luchtófar an t-ainmhí roimh dháta an údaraithe chun teacht isteach san Aontas ó thír, ó chríoch nó ó chrios den tír, den chríoch nó den chrios faoi seach dá dtagraítear i bpointe II.2.1., ná le linn tréimhse ina bhfuil bearta sriantacha glactha ag an Aontas i gcoinne ainmhithe eachaí a theacht isteach san Aontas ón tír, ón gcríoch sin nó ó chrios den tír sin, nó den chríoch sin. Seiceáil in aghaidh cholúin 8 agus 9 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(2) Cód na tíre, na críche nó an chreasa den tír nó den chríoch agus an Grúpa Sláintíochta mar atá i gcolún 2 agus colún 3 faoi seach den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.";

(i) i gCaibidil 19, sa tsamhail CONFINED-RUM, ceartaítear Roinn 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí II.1.2. agus II.1.3.:

"II.1.2. gur fhan siad ar bhonn leanúnach sa bhunaíocht tionscnaimh ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas.

II.1.3. nach raibh siad i dteagmháil le hainmhithe a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu le linn tréimhse 30 lá roimh dháta a seolta chuig an Aontas, nó ón uair a rugadh iad, más rud é gur óige ná 30 lá d'aois atá siad, agus le linn a n-iompair ón mbunaíocht tionscnaimh theoranta fhormheasta chuig an áit seolta san Aontas.";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.6.:

"II.1.6. nár díluchtaíodh iad in aon áit nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i bpointe II.1.11. ó nuair a seoladh iad óna mbunaíocht tionscnaimh go dtí a seoladh chuig an Aontas agus nach raibh siad i dteagmháil le hainmhithe a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu le linn na tréimhse sin.";

(iii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (2):

"(2) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.";

(j) i gCaibidil 20, sa tsamhail CONFINED-SUI, ceartaítear Roinn 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí II.1.2. agus II.1.3.:

"II.1.2. gur fhan siad ar bhonn leanúnach sa bhunaíocht tionscnaimh ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas.

II.1.3. nach raibh siad i dteagmháil le hainmhithe a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu le linn tréimhse 30 lá roimh dháta a seolta chuig an Aontas, nó ón uair a rugadh iad, más rud é gur óige ná 30 lá d'aois atá siad, agus le linn a n-iompair ón mbunaíocht tionscnaimh theoranta fhormheasta chuig an áit seolta san Aontas.";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.6.:

"II.1.6. nár díluchtaíodh iad in aon áit nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i bpointe II.1.11. ó nuair a seoladh iad óna mbunaíocht tionscnaimh go dtí a seoladh chuig an Aontas agus nach raibh siad i dteagmháil le hainmhithe a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu le linn na tréimhse sin.";

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.14.:

"(1)(4)[bíodh sin (1)[II.1.14. gur tháinig siad ó chrios nár tuairiscíodh fiabhras Afracach na muc ann le linn na tréimhse 12 mhí roimhe sin, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo.]]

nó (1)[II.1.14. go ndearnadh tástáil víreolaíochta agus séireolaíochta orthu chun fiabhras Afracach na muc a bhrath agus i gcomhréir leis an tástáil a leagtar síos le haghaidh trádáil idirnáisiúnta sa Lámhleabhar Talún de chuid OIE, tástáil a rinneadh ar shamplaí a tógadh le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta a seolta chuig an Aontas.]]";

(iv) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (2):

"(2) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404."

(k) i gCaibidil 21, sa tsamhail CONFINED-TRE, ceartaítear Roinn 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí II.1.2. agus II.1.3.:

"II.1.2. gur fhan siad ar bhonn leanúnach sa bhunaíocht tionscnaimh ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas.

II.1.3. nach raibh siad i dteagmháil le hainmhithe a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu le linn tréimhse 30 lá roimh dháta a seolta chuig an Aontas, nó ón uair a rugadh iad, más rud é gur óige ná 30 lá d'aois atá siad, agus le linn a n-iompair ón mbunaíocht tionscnaimh theoranta fhormheasta chuig an áit seolta san Aontas.";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.6.:

"II.1.6. nár díluchtaíodh iad in aon áit nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i bpointe II.1.11. ó nuair a seoladh iad óna mbunaíocht tionscnaimh go dtí a seoladh chuig an Aontas agus nach raibh siad i dteagmháil le hainmhithe a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu le linn na tréimhse sin.";

(iii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (2):

"(2) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.";

(l) i gCaibidil 22, ceartaítear an tsamhail CONFINED-HIPPO mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí II.1.2. agus II.1.3.:

"II.1.2. gur fhan siad ar bhonn leanúnach sa bhunaíocht tionscnaimh ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas.

II.1.3. nach raibh siad i dteagmháil le hainmhithe a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu le linn tréimhse 30 lá roimh dháta a seolta chuig an Aontas, nó ón uair a rugadh iad, más rud é gur óige ná 30 lá d'aois atá siad, agus le linn a n-iompair ón mbunaíocht tionscnaimh theoranta fhormheasta chuig an áit seolta san Aontas.";;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.6.:

"II.1.6. nár díluchtaíodh iad in aon áit nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i bpointe II.1.11. ó nuair a seoladh iad óna mbunaíocht tionscnaimh go dtí a seoladh chuig an Aontas agus nach raibh siad i dteagmháil le hainmhithe a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu le linn na tréimhse sin.";

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí II.1.11.3. agus II.1.11.5:

"II.1.11.3. nár tuairiscíodh, ar dháta eisiúna an deimhnithe sláinte ainmhithe seo, gurbh ann do na galair seo a leanas inti le linn na tréimhse 6 mhí roimhe sin:

— galar crúibe is béil.

— ionfhabhtú le víreas phlá na mbó,

— ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise,

— ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis,*

— ionfhabhtú le *coimpléasc Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis, M. caprae, M. tuberculosis*),

II.1.11.4. nár tuairiscíodh, ar dháta eisiúna an deimhnithe sláinte ainmhithe seo, gurbh ann do surra (*Trypanosoma evansi*) ná d'antrasc le linn na tréimhse 30 lá roimh an dáta seolta chuig an Aontas.

II.1.11.5. nár tuairiscíodh timpeall uirthi, i limistéar dar ga 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann do na galair liostaithe seo a leanas le linn na tréimhse 30 lá roimh an dáta seolta chuig an Aontas:

— galar crúibe is béil.

— ionfhabhtú le víreas phlá na mbó,

— ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis,*

— ionfhabhtú le *coimpléasc Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis, M. caprae, M. tuberculosis*).

II.1.11.6. nár tuairiscíodh timpeall uirthi, i limistéar dar ga 150 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise le linn na tréimhse 30 lá roimh an dáta seolta chuig an Aontas.";

(iv) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (2):

"(2) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.";

(m) i gCaibidil 34a, ceartaítear an tsamhail RACING PIGEONS-IMMEDIATE RELEASE mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe I.18:

"**I.18**	**Coinníollacha iompair**	☐ Comhthimpeallach"		

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.2.:

"II.1.2. tagann siad ón mbunaíocht a shonraítear i mBosca I.11, arna clárú ag údarás inniúil an tríú tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh nó ag údarás inniúil creasa de thríú tír nó de chríoch, agus:

(a) laistigh de gha 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

(b) ina ndéantar an vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle.";

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.6.:

"II.1.6. go luchtaítear iad lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/_ (ll/mm/bbbb)[2] i modh iompair:

(a) a tógadh ar bhealach:

(i) nach féidir leis na hainmhithe éalú nó titim amach;

(ii) inar féidir amharc-chigireacht a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;

(iii) go ndéantar éalú tuartha ainmhithe, bruscair, beatha nó cleití uathu a chosc nó a íoslaghdú;

(b) nach bhfuil ann ach colúir rásaíochta;

(c) a glanadh agus a díghalraíodh sula ndearnadh é a lódáil le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil an tríú tír tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, nó ag údarás inniúil creasa de thríú tír tionscnaimh nó de chríoch tionscnaimh.";

(n) i gCaibidil 39, ceartaítear an tsamhail BOV-SEM-A-ENTRY mar a leanas:

(i) sna Nótaí a ghabhann le Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thagairt bhosca I.27:

"Tagairt bhosca I.27:	'*Cineál*': Sonraigh seamhan. '*Speicis*': Roghnaigh '*Bos taurus*', '*Bison bison*' nó '*Bubalus bubalis*' de réir mar is iomchuí. '*Uimhir aitheantais*': Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh. '*Marc aitheantais*': Sonraigh an marc ar an tuí nó ar na pacáistí eile ina bhfuil seamhan na coinsíneachta curtha. '*An dáta bailithe/táirgthe*': Sonraigh an dáta a bailíodh seamhan na coinsíneachta. '*Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid*': Sonraigh uimhir formheasa uathúil an lárionaid bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan. '*Cainníocht*': Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu. '*Tástáil*': Sonraigh le haghaidh thástáil-BTV: II.4.8.5. agus/nó II.4.8.6., agus/nó le haghaidh thástáil-EHD: II.4.9.3.1. agus/nó II.4.9.3.2., más ábhartha.";

(ii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (2):

"(2) I gcás tríú tír, críche nó crios de thríú tír nó de chríoch a bhfuil a dháta oscailte i gcomhréir le colún 9 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus sa chás sin amháin.";

(o) i gCaibidil 42, ceartaítear agus leasaítear an tsamhail "BOV-OOCYTES-EMB-A-ENTRY mar a leanas:

(i) i gCuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.2.:

"(1)[II.2. Na suthanna arna ndíorthú *in vivo* a bhfuil tuairisc orthu i gCuid I, rinne an fhoireann bailithe suthanna(3) iad a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil, agus a sheoladh, ar foireann í:

II.2.1. atá formheasta agus liostaithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche;

II.2.2. a chomhlíonann na ceanglais a mhéid a bhaineann le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochta, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún.]

(1)[II.2. Na húicítí(1)/na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*(1) a bhfuil tuairisc orthu i gCuid I, rinne an fhoireann táirgthe suthanna(3) iad a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil, agus a sheoladh, ar foireann í:

II.2.1. atá formheasta agus liostaithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche;

II.2.2. a chomhlíonann na ceanglais a mhéid a bhaineann le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochta, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCodanna 2 agus 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686]";

(ii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thagairt bhosca I.27:

"Tagairt bhosca I.27:	'*Speicis*': Roghnaigh '*Bos taurus*', '*Bison bison*' nó '*Bubalus bubalis*' de réir mar is iomchuí. '*Cineál*': Sonraigh más úicítí, suthanna arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* nó suthanna micri-ionramháilte. '*Uimhir aitheantais*': Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh. '*Marc aitheantais*': Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear úicítí nó suthanna na coinsíneachta. '*An dáta bailithe/táirgthe*': Sonraigh an dáta a bailíodh agus a táirgeadh úicítí nó suthanna na coinsíneachta. '*Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid*': Sonraigh uimhir formheasa uathúil na foirne bailithe nó táirgthe suthanna a bhailigh nó a tháirg na húicítí nó na suthanna.

'*Cainníocht*': Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

'*Tástáil*': Sonraigh le haghaidh thástáil-BTV: II.4.7.5. agus/nó II.4.7.6., agus/nó le haghaidh thástáil-EHD: II.4.8.3.1. agus/nó II.4.8.3.2., más ábhartha."

(iii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (2):

"(2) I gcás tríú tír, críche nó crios de thríú tír nó de chríoch a bhfuil a dháta oscailte i gcomhréir le colún 9 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus sa chás sin amháin.";

(p) i gCaibidil 47, ceartaítear an tsamhail BOV-GP-STORAGE-ENTRY mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na Nótaí réamhráiteacha:

"**Nótaí**

Tá an deimhniú sláinte ainmhithe seo beartaithe le haghaidh seamhan, úicítí agus suthanna bó-ainmhithe teacht isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh an tseamhain, na n-úicítí agus na suthanna.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí don Aontas Eorpach sa deimhniú sláinte ainmhithe seo.

Déanfar an deimhniú sláinte ainmhithe sin a chomhlánú i gcomhréir leis na nótaí a bhaineann le comhlíonadh na ndeimhnithe dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.";

(ii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (3):

"(3) I gcás tríú tír, críche nó crios de thríú tír nó de chríoch a bhfuil a dháta oscailte i gcomhréir le colún 9 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus sa chás sin amháin.";

(q) i gCaibidil 48, ceartaítear agus leasaítear an tsamhail OV/CAP-SEM-A-ENTRY mar a leanas:

(i) sna Nótaí a ghabhann le Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thagairt bhosca I.27:

"Tagairt bhosca I.27: '*Cineál*': Sonraigh seamhan.

'*Speicis*': Roghnaigh '*Ovis aries*' nó '*Capra hircus*' de réir mar is iomchuí.

'*Uimhir aitheantais*': Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh.

'*Marc aitheantais*': Sonraigh an marc ar an tuí nó ar na pacáistí eile ina bhfuil seamhan na coinsíneachta curtha.

'*An dáta bailithe/táirgthe*': Sonraigh an dáta a bailíodh seamhan na coinsíneachta.

'*Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid*': Sonraigh uimhir formheasa uathúil an lárionaid bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan.

'*Cainníocht*': Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

'*Tástáil*': Sonraigh le haghaidh thástáil-BTV: II.4.8.5. agus/nó II.4.8.6., agus/nó le haghaidh thástáil-EHD: II.4.9.3.1. agus/nó II.4.9.3.2., más ábhartha."

(ii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (2):

"(2) I gcás tríú tír, críche nó crios de thríú tír nó de chríoch a bhfuil a dháta oscailte i gcomhréir le colún 9 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus sa chás sin amháin.";

(r) i gCaibidil 50, ceartaítear agus leasaítear an tsamhail OV/CAP-OOCYTES-EMB-A-ENTRY mar a leanas:

(i) sna Nótaí a ghabhann le Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thagairt bhosca I.27:

"Tagairt bhosca I.27: *'Cineál'*: sonraigh más suthanna arna ndíorthú *in vivo*, úicítí arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* nó suthanna micri-ionramháilte.

'*Speicis*': roghnaigh '*Ovis aries*' nó '*Capra hircus*' de réir mar is iomchuí.

'Uimhir aitheantais': Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh.

'Marc aitheantais': Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear úicítí nó suthanna na coinsíneachta.

'An dáta bailithe/táirgthe': Sonraigh an dáta a bailíodh agus a táirgeadh úicítí nó suthanna na coinsíneachta.

'Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid': Sonraigh uimhir formheasa uathúil na foirne bailithe nó táirgthe suthanna a bhailigh nó a tháirg na húicítí nó na suthanna.

'Cainníocht': Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

'Tástáil': Sonraigh le haghaidh thástáil-BTV: II.4.7.5. agus/nó II.4.7.6., agus/nó le haghaidh thástáil-EHD: II.4.8.3.1. agus/nó II.4.8.3.2., más ábhartha.";

(ii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (2):

"(2) I gcás tríú tír, críche nó crios de thríú tír nó de chríoch a bhfuil a dháta oscailte i gcomhréir le colún 9 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus sa chás sin amháin.";

(s) i gCaibidil 53, ceartaítear an tsamhail OV/CAP-GP-STORAGE-ENTRY mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na Nótaí réamhráiteacha:

"**Nótaí**

Tá an deimhniú sláinte ainmhithe seo beartaithe le haghaidh seamhan, úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair teacht isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh an tseamhain, na n-úicítí agus na suthanna.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí don Aontas Eorpach sa deimhniú sláinte ainmhithe seo.

Déanfar an deimhniú sláinte ainmhithe sin a chomhlánú i gcomhréir leis na nótaí a bhaineann le comhlíonadh na ndeimhnithe dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.";

(ii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (3):

"(3) I gcás tríú tír, críche nó crios de thríú tír nó de chríoch a bhfuil a dháta oscailte i gcomhréir le colún 9 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus sa chás sin amháin.";

(t) i gCaibidil 54, ceartaítear an tsamhail POR-SEM-A-ENTRY mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.4.8.3.:

"[1][II.4.8.3. maidir le fiabhras na muc, tástáil antasubstaintí ELISA nó tástáil neodraithe séirim, i gcás ainmhithe arna dteacht ó thríú tír nó ó chríoch nó ó chrios de thríú tír nó de chríoch inar tuairiscíodh fiabhras na muc nó inar tugadh vacsaíní in aghaidh an ghalair sin le linn na tréimhse 12 mhí roimhe sin;]";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.4.9.3.:

"[1][II.4.9.3. maidir le fiabhras na muc, tástáil antasubstaintí ELISA nó tástáil neodraithe séirim, i gcás ainmhithe arna dteacht ó thríú tír nó ó chríoch nó ó chrios de thríú tír nó de chríoch nár tuairiscíodh fiabhras na muc ann nó agus nár tugadh vacsaíní in aghaidh an ghalair sin le linn na tréimhse 12 mhí roimhe sin;]";

(iii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonótaí (2) agus (3):

"(2) I gcás tríú tír, críche nó crios de thríú tír nó de chríoch a bhfuil a dháta oscailte i gcomhréir le colún 9 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus sa chás sin amháin.

(3) I gcás tríú tír, críche nó crios de thríú tír nó de chríoch a bhfuil a dháta oscailte i gcomhréir le colún 9 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus sa chás sin amháin.";

(u) i gCaibidil 59, ceartaítear agus leasaítear an tsamhail EQUI-SEM-A-ENTRY mar a leanas:

(i) i gCuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.4.4.2.:

"II.4.4.2. a coinníodh ar bhunaíochtaí nár tuairiscíodh iontu einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach, surra (*Trypanosoma evansi*), ainéime thógálach eachaí, meitríteas tógálach eachaí (*Taylorella equigenitalis*), ionfhabhtú le víreas an chonfaidh ná antrasc;";

(ii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thagairt bhosca I.27:

"Tagairt bhosca I.27:

'*Cineál*': Sonraigh seamhan.

'*Uimhir aitheantais*' Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh.

'*Marc aitheantais*': Sonraigh an marc ar an tuí nó ar na pacáistí eile ina bhfuil seamhan na coinsíneachta curtha.

'*An dáta bailithe/táirgthe*': Sonraigh an dáta a bailíodh seamhan na coinsíneachta san fhormáid seo a leanas: ll.mm.bbbb.

'*Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid*': Sonraigh uimhir formheasa uathúil an lárionaid bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan.

'*Cainníocht*': Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

'*Tástáil*': Sonraigh "Is ea, féach pointí II.4.9. agus II.4.10".";

(v) i gCaibidil 63, ceartaítear an tsamhail EQUI-OOCYTES-EMB-A-ENTRY mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.4.4.2.:

"II.4.4.2. a coinníodh ar bhunaíochtaí nár tuairiscíodh iontu einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach, surra (*Trypanosoma evansi*), ainéime thógálach eachaí, meitríteas tógálach eachaí (*Taylorella equigenitalis*), ionfhabhtú le víreas an chonfaidh ná antrasc;";

(ii) sna Nótaí a ghabhann le Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thagairt bhosca I.27:

"Tagairt bhosca I.27:

'*Cineál*': Sonraigh más suthanna arna ndíorthú *in vivo*, úicítí arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* nó suthanna micri-ionramháilte.

'*Uimhir aitheantais*': Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh.

'*Marc aitheantais*': Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear úicítí nó suthanna na coinsíneachta.

'*An dáta bailithe/táirgthe*': Sonraigh an dáta a bailíodh agus a táirgeadh úicítí nó suthanna na coinsíneachta.

'*Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid*': Sonraigh uimhir formheasa uathúil na foirne bailithe nó táirgthe suthanna a bhailigh nó a tháirg na húicítí nó na suthanna.

'*Cainníocht*': Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.".